



# Conradh na Gaeilge

## **Cur i láthair don Fhochoiste Oireachtais um an Straitéis 20 Bliaín don Ghaeilge 2010 – 2030 agus Rudaí Gaolmhara ó Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge**

A chathaoirligh agus a chairde,

Ar dtús ba mhaith liom buiochas a ghabháil libh as an deis seo a chur ar fáil do Chonradh na Gaeilge lenár gcáineadh agus níos tábhactaí ná sin ár moltaí le Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2014 a chur os bhur gcomhair inniu.

San áireamh sna moltaí a bheidh le déanamh agam, beidh roinnt mhaith de na moltaí a chuir an Conradh ar aghaidh mar chuid den phróiseas athbhreithnithe ar an Acht dhá bhliain go leith ó shin agus chomh maith leis sin beidh roinnt de na moltaí eile ó phobal na Gaeilge agus Gaeltachta a bhí san áireamh sna haighneachtaí san athbhreithniú céanna.

Is fiú dom tagairt a dhéanamh ar dtús don athbhreithniú a rinneadh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i mí na Samhna 2011. Mar is eol dúinn, bhí 1,466 freagra ar an suirbhé agus 262 aighneacht curtha chuig an Roinn Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta don athbhreithniú. As na céadta moladh déanta sna haighneachtaí ar fad ní raibh ach 60 moladh san áireamh san achoimre ar na moltaí a leag an Roinn amach sa cháipéis oifigiúil a d'fhoilsigh siad i mí Aibreáin 2014 le torthaí an athbhreithnithe.

Is fiú aitheantas a thabhairt don Roinn Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta as glacadh leis an moladh gan Oifig an Choimisinéara Teanga a chur isteach le hOifig an Ombudsman. Ba iad an Rialtas, áfach, a chruthaigh an fhadhb seo an chéad lá riamh agus ní raibh sé ceart go raibh orainn stocaireacht agus feachtasaíocht a dhéanamh ar feadh breis is dhá bhliain le dul i bhfeidhm orthu faoin gceist seo. Dar ndóigh, b'éisgean do 10,000 duine dul ar shráideanna Bhaile Átha Cliath ar 15 Feabhra ag Lá Mór na Gaeilge agus 1,000 duine i gConamara ag Slán le Seán ar 23 Feabhra leis seo a chur ina luí ar an Rialtas.

Maidir leis an athbhreithniú agus an 60 moladh sna torthaí oifigiúla den athbhreithniú as na céadta moladh a cuireadh chun cinn ag an bpobal Gaeilge agus Gaeltachta, níl ach 13 ceannteideal molta agus baineann ceannteidil 1, 2, 3, 5, 10, 11 agus 12 le hathruithe teicniúla nach mbaineann le moltaí san athbhreithniú. Níl ach 6 fíor-cheannteideal mar sin molta ag an Roinn Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta san athbhreithniú seo ar fad a ghlac dhá bhliain go leith a chur le chéile.

I gcás na 6 fíor-cheannteideal sin molta, mar sin, is é tuairim an Chonartha gur lagú atá i ndán don Acht le ceannteidil 4 agus 7, go bhféadfadh ceannteidil 6 agus 8 cur leis an Acht má tá an fhocláiocht sna leasuithe don Bhille láidir agus go mbeadh fiúntas le ceannteidil 9 agus 13, má tá an fhocláiocht chuí láidir sa Bhille. Déanfaidh mé cur síos níos cuimsithí go luath ar na 6 fíor-cheannteideal seo agus ar na moltaí a fágadh ar lár a bhfuil géarghá lena gcur san áireamh sa Bhille.

Ar an ionlán ní fheadfaí a rá gur athbhreithniú cuimsitheach atá i gceist san athbhreithniú seo. Níl ann, i ndáiríre, ach iarracht an tAcht a lagú agus cúpla moladh beag a ghlacadh leis an gcuma a chur ar an scéal gur éist an Roinn Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta leis an bpobal agus na moltaí a rinne siad don athbhreithniú. Ach, i ndáiríre, bhí na céadta moladh ann agus níl ach 2-4 moladh san áireamh sna ceannteidil go bhfuil an fhéidearthacht ann go bhfeadfadh maitheas a bheith leo.

‘Siad na moltaí is tábhactaí gur gá a chur san áireamh sa Bhille nach bhfuil ann faoi láthair ná: 1. Go mbeidh foráil nua san Acht go mbeidh faoi dheireadh 2016 gach seirbhís ar fáil do phobal na Gaeltachta trí Ghaeilge agus na seirbhísí sin a bheith ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Bhéarla in áiteanna eile; 2. Go leasófar an reachtaíocht sa chaoi is go mbeidh oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí ar a laghad 30% d’fhostaithe nua

sa státseirbhís fostaithe don chéad 10 mbliana eile a bheidh in ann cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal trí Ghaeilge i scribhinn nó le post leictreonach. Labhróidh mé arís faoi na moltaí seo níos déanaí.

Maidir le cheannteideal 4 agus cúrsaí aistriúcháin, is maith é go bhfanfaidh an ceanglas reatha faoi ailt 10(b), (c) agus (d) chun líon teoranta doiciméad sonraithe ar díol spéise poiblí iad a chur ar fáil go dátheangach (i.e. tuarascálacha bliantúla, cuntas bhliantúla agus ráitis straitéise). Táimid buartha, áfach, nach mbeidh aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí aistrithe amach anseo mar go bhfuil sé ag brath ar thuairim an Aire reatha. B'fhearr an cinneadh a fhágáil faoin gCoimisinéir Teanga atá neamhspleách ar an bpolaitiocht ar céard iad na beartais phoiblí gur chóir a aistriú don phobal Gaeilge agus Gaeltachta. Dar ndóigh, ní fiú daoine a spreagadh agus a oiliúint le Gaeilge a úsáid mura mbíonn cáipéisí ,srl.. ann dóibh sa todhchaí le húsáid. Tá cúpla moladh ábhartha eile againn don cheannteideal seo nó le cur san áireamh mar cheannteidil nua:

- Ba chóir gach foirm chlóite nó leictreonach a mbainfeadh an pobal úsáid as a chur leis an liosta ag alt 10 (e)
- Ba chóir suíomhanna gréasáin a chur leis an liosta ag alt 10 (f)
- Ba chóir na meán shóisialta a chur leis an liosta ag alt 10 (g)
- Ba chóir rialacháin a chur le halt 10 go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla in aon cháipéis nó foirm dhátheangach taobh le taobh leis an teanga eile faoi aon chlúdach amháin (réiteodh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfad sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a líonadh as Gaeilge más mian leo)
- Ba chóir go mbeadh gach cáipéis chorparáideach curtha ar fáil go leictreonach amháin (d'fhéadfadh na comhlacthaí poiblí nó na leabharlanna cóipeanna aonaracha de na cáipéisí a chur i gcló ar ghnáthinneall fótachóipeála d'aon duine gan teacht ar ríomhaire. Shábhálfadh a leithéid de mholadh na milliúin Euro ar an Stát gach bliain mar gheall nach mbeadh orthu na milliúin cáipéis chorparáideach a chur i gcló<sup>1</sup>)

Maidir le cheannteideal 7 agus tréimhse na scéimeanna teanga, níor chóir dul ar aghaidh leis an leasú seo in aon chor. Níor chóir aon síneadh ama a thabhairt. Ó thosaigh córas na scéimeanna, tá siad lag agus an rud a chuir an Rialtas in iúl i gcónaí ná go n-éireoidís níos láidre gach trí bliana. Moltar sa cheannteideal seo go sínfí an tréimhse go 7 mbliana, rud a ligfeadh do na ranna Rialtais éagsúla a ndualgais a sheachaint. Tá cúpla moladh ábhartha eile againn don cheannteideal seo nó le cur san áireamh mar cheannteidil nua:

- Ba chóir fáil réidh le córas na scéimeanna agus córas nua a fhorbairt le caighdeán bunaithe ar rialacháin reachtúla, cosúil leis Na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (ALT 9) 2008, nó an córas caighdeán atá bunaithe acu sa Bhreatain Bheag
- Ba chóir go mbeadh sé riachtanach d'aon scéim ná aon chóras caighdeán go mbeidh ar an gcomhlacht poiblí a bheith gníomhach ag cur in iúl don phobal na seirbhísí as Gaeilge atá ar fáil uathu

Maidir le cheannteideal 6 agus inniúlacht sa Ghaeilge san earnáil phoiblí, mar a dúirt me níos luaithe molann an Conradh go leasófar an reacthaíocht sa chaoi is go mbeidh oibleagáid ar chomhlacthaí poiblí ar a laghad 30% d'fhostaithe nua sa státseirbhís fostaithe don chéad 10 mbliana eile a bheidh in ann cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal trí Ghaeilge i scribhinn nó le post leictreonach (dá ndéanfaí an beart seo bheadh ciorrú ar an gcaiteachas ar sheirbhísí aistriúcháin chomh maith). Ní haon rud aisteach é ag leagan céatadán amach i reacthaíocht le fadhb a réiteach, mar shampla tá leagtha amach do na páirtithe polaitiúla ag glacadh le maoiniú ón Stát gur gá go mbeidh céatadán de 30% dá n-iarrthóir sa chéad olltoighchán eile a bheith baineannach agus tá an céatadán sin le hardú go 40% i gceann 7 mbliana. Tá cúpla moladh ábhartha eile againn don cheannteideal seo nó le cur san áireamh mar cheannteidil nua:

- Ba chóir go mbeadh sé mar phoráil nua san Acht go mbeidh faoi dheireadh 2016 gach seirbhís ar fáil do phobal na Gaeltachta trí Ghaeilge agus na seirbhísí sin a bheith ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Bhéarla in áiteanna eile
- Mar chuid de rialacháin nua san Acht ba cheart go mbeidh dualgas ar an bhfoireann a bhainfidh tairbhe as oiliúint sa Ghaeilge seirbhís i nGaeilge a thairiscint don phobal
- Ba cheart go ndéanfaí foráil do chóras chun go mbeadh teastais aitheanta ar fáil a léireodh go cruinn cumas na mball fairne seirbhísí a sholáthar i dteangacha oifigiúla an Stáit

<sup>1</sup> Dar ndóigh, tá argóint láidir ann nach léann mórán daoine na cáipéisí curtha i gcló i nGaeilge nó i mBéarla, agus dóibh siúd a léann go bhfuil sé i bhfad níos éasca teacht ar eolas i leagan leictreonach d'aon cháipéis mar gur féidir le duine cuardach a dhéanamh le haghaidh focail níos déanaí.

Maidir le ceannteideal 8 níl aon ghá leis an tríú leasú mar níor chóir tréimhse na scéimeanna a shíneadh go 7 mbliana. Ba chóir an fhocláiocht a láidriú sa dara leasú chomh maith chun nach mbeidh aon lagú déanta ar aon scéim trí scéim nua a chur ina áit, i. D'fheadfaí seo a dhéanamh leis an fhocláiocht seo a chur leis an alt 'Ní chuirfear scéim níos laige in áit scéim reatha nó scéim imithe as feidhm'.

Maidir le ceannteideal 9 agus úsáid leagan Gaeilge nó Béarla in ainmneacha agus seoltaí poist, tá an moladh seo rólag. Caithfear teorainn ama a chur sa reachtaíocht, i. go mbeidh ar gach córas san earnáil phoiblí réidh d'úsáid ainmneacha agus seoltaí i nGaeilge taobh istigh de 3 bliana agus go ndéanfar socrú sealadach le haon saoránach ag iarráidh a ainm nó a sheoladh a úsáid as Gaeilge idir an dá linn. Chomh maith leis sin, tá deis iontach anois leis an gcóras códphoist nua, Eircode, gur féidir dualgas a leagan ar gach comhlacht príobháideach agus poiblí an rogha a chur ar fáil do gach saoránach an leagan Gaeilge nó Béarla dá seoladh a úsáid más mian leis/léi.

Maidir le ceannteideal 13 agus ag cur leis an sceideal de na grúpaí a thagann faoi choimirce an Acharta, aontaíonn muid leis an moladh seo. Tá cúpla moladh ábhartha eile againn don cheannteideal seo nó le cur san áireamh mar cheannteidil nua:

- Sa chás go gceapann nó go n-údaraíonn comhlacht poiblí cuideachta phríobháideach nó gníomhaireacht de chineál ar bith eile le feidhmiú thar a cheann agus é ag déileáil leis an bpobal ba chóir go mbeadh na dualgais chéanna acu is atá ag an gcomhlacht poiblí le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge don fheidhm a cheapfar iad a chur i gcrích ar son an chomhlachta phoiblí, m.sh. Dublin Bikes
- Ba chóir go dtiocfadh aon chomhlacht gur leis an stát é ina iomlán nó cuid de (bainc, comhlachtaí leath-stáit, srl. san áireamh) nó aon chomhlacht a fhaigheann ceadúnas ón stát le gníomhú sa tir (ní chosnóidh seo airgead ar an Stát) faoin Acht

Lasmuigh de na ceannteidil agus na moltaí déanta ag an gConradh chun iad a láidriú, tá roinnt mhaith moltaí eile gur chóir a chur san áireamh sa Bhille nach bhfuil san áireamh sna ceannteidil. Cuirim i gcuimhne arís nach bhfuil ach 2-4 mholadh san aireamh sna ceannteidil ag teacht ó mholtáí an phobail Gaeilge agus Gaeltachta san athbhreithniú. San áireamh sna moltaí breise, tá:

- Ba chóir go mbeadh ainm gach comhlacht poiblí nua atá le teacht ar an bhfód as Gaeilge agus úsáidte go poiblí as Gaeilge. Chuirfeadh seo go mór le stádas na Gaeilge gan aon chostas sa bhrefis, mar shampla bhí sé de cheart an teideal "Uisce Éireann" a úsáid seachas "Irish Water".
- Ba chóir ról monatóireachta a thabhairt d'Oifig an Choimisiúneara Teanga ar chur i bhfeidhm an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*
- Tá lógó comhlachta lárnach d'iomhá an chomhlachta sin. Ba cheart deireadh a chur le heisceacht a dhéanamh de lógónna comhlachtaí poiblí sna rialacháin agus féachaint chuige go mbeidh an Ghaeilge chomh feiceálach ar gach lógó nua comhlachta poiblí feasta.
- Maidir le híomhá na tíre seo mar thír dhátheangach thar sáile, ba cheart deireadh a chur le heisceacht a dhéanamh d'fheidhmiú comhlachtaí poiblí thar lear: na hambasáidí, Coláiste na nGael sa Lóbháin, srl.
- Ba chóir go mbeadh rialacháin ann maidir le fógraíocht, m.sh. ba chóir go mbeadh 20% den fhógraíocht déanta ag comhlachtaí poiblí sna meáin déanta sna meáin Ghaeilge
- Ba chóir foráil a chur isteach go mbeidh ar chomhlachtaí lipéid ar earráí díolta in Éirinn a bheith i mBéarla agus i nGaeilge, ar nós na foláirimh sláinte ar phacáistí tobac. Ní chosnódh seo airgead ar an stát.
- I dTíthe an Oireachtas ba chóir go mbeidh foráil ann ag leagan dualgais ar an Rialtas billí a fhoilsíú go dátheangach. Ba chóir atheagar a chur ar na rannóga aistriúcháin chun an bhforáil seo a fheidhmiú.
- Ó tharla go bhfuil formhór na reachtaíochta ar fáil sna rialacháin a dhéantar de bhun Achtanna, ba chóir an reachtaíocht tánaisteach a fhoilsíú go dátheangach feasta.

Tá neart moltaí ag Conradh na Gaeilge anseo bunaithe ar mholtáí ag teacht ón bpobal Gaeilge agus Gaeltachta. Tá cúis agus gá le gach ceann díobh. Chuir sé iontas orainn i ndiaidh phróiseas dhá bhliain go leith d'athbhreithniú nach raibh ach 2-4 mholadh ag teacht ón Róinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a bhféadfadh Acht na dTeangacha Oifigiúla a láidriú. Tá síul agam agus ag Conradh na Gaeilge go mbeidh an Comhchoiste Dála seo sásta glacadh lenár moltaí ar fad agus iad a chur ar aghaidh chuig an Róinn chun iad a chur san áireamh i mBille Acht na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2014 sula foilseofar é.

Tá an Conradh an-bhuíoch díbh as an deis seo inniu ár moltaí a chur in bhur láthair agus as an tacaíocht leanúnach a thugann sibh do mhianta phobal na Gaeilge agus Gaeltachta.

## Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2014 - SCÉIM GHINEARÁLTA AGUS CEANNTEDIL AN BHILLE

| Ceannteidil                                                | Foráil a dhéanamh le haghaidh...                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | Míniú an Rialtais                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | Moltaí an Chonartha                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 |
|------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Ceannteideal 1</b><br>Gearrtheideal agus Tosach Feidhme | <ul style="list-style-type: none"> <li>Chun go bhféadfar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2014 a ghairm den Acht; agus</li> <li>Chun go bhféadfar an phoráil atá i gCeannteideal 9 a thosú ar dháta nó ar dhátaí a phorordóidh an tAire.</li> </ul>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    | Is forálacha caighdeánacha iad seo.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | Níl aon mholadh againn don leasú seo go fóill.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |
| <b>Ceannteideal 2</b><br>Léirithe                          | Maidir le léirithe mar seo a leanas:<br>[Cuírfear isteach iad ag céim an dréachaithe].                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      | Is forál chaighdeánach í seo.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                | Níl aon mholadh againn don leasú seo go fóill.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |
| <b>Ceannteideal 3</b><br>Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht   | Maidir le hait 2 den Acht, lena ndéantar foráil maidir leis an míniú ar "ceann comhlachta phoiblí", a leasú chun an míniú ar cheann comhlachta phoiblí a chur de réir a bhfuil san Acht um Bainistíocht na Seirbhise Poiblí, 1997, a meastar gurb é an míniú is cuí.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        | Is é is éifeacht don leasú seo an míniú ar cheann comhlachta phoiblí a chur de réir a bhfuil san Acht um Bainistíocht na Seirbhise Poiblí, 1997 (Uimh. 27 de 1997).                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | Níl aon mholadh againn don leasú seo go fóill.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |
| <b>Ceannteideal 4</b><br>Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht  | <ul style="list-style-type: none"> <li>Maidir leis an bhforáil reatha in alt 10(a), lena gceanglaítear "aon doiciméad ina leagtar amach tográí beartais phoiblí" a chur ar fáil i ngach ceann de na teangacha oifigiúla, a scriosadh.</li> <li>Maidir le hait 10(e) a leasú chun foráil bhereise a áireamh ann lena gceadófar don Aire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus aon Aire ná Airí eile, de réir mar is cuí, a phorordú go ndéanfar doiciméid ná aicmí doiciméad ina leagtar amach tográí beartais phoiblí a phoiblí go comhúaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla.</li> </ul> | <p>Leis na blianta is ábhar conspóide an cheist i dtaobh cad is tograí beartais phoiblí dá dtagraítear in alt 10(a) ann agus i dtaobh na gcostas aistríthe a ghabhann leo. Tá tráchtair each dhiúltach déanta go minic sna meáin chumarsáide, agus ag ionadaithe poiblí, comhlachtaí poiblí agus daoine den phobal ar a inmhianaithe atá sé líon mór doiciméad nach léir aon éileamh follasach orthu a aistriú.</p> <p>Dá réir sin, moltar an phoráil reatha in alt 10(a) lena gceanglaítear "aon doiciméad ina leagtar amach tográí beartais phoiblí" a chur ar fáil i ngach ceann de na teangacha oifigiúla a scriosadh. Ceanglófar ar an Aire leis an leasú beartaithe, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus aon Aire ná Airí eile, de réir mar is cuí, na doiciméid ina bhfuil tográí beartais phoiblí agus atá le cur ar fáil i ngach ceann de na teangacha oifigiúla a phorordú. Leis an tsolúbthacht seo, rachfar i ngleic le ceann de na príomhbhair imní atá tagtha chun cinn maidir leis na costais forfheidhmithe a ghabhann leis an Acht, i.e. an costas a bhaineann le doiciméid nach bhfuil éileamh an phobail orthu a aistriú.</p> <p>Maidir leis an gceanglas reatha faoi hait 10(b), (c) agus (d) chun líon teoranta doiciméad sonraithe ar díol spéise poiblí iad a chur ar fáil go dátheangach (i.e. tuarascálacha bliantúla, cuntas bhliantúla agus ráitis straitéise), fanfaidh an ceanglas sin i bhfeidhm.</p> | <p>Is maith é go bhfanfaidh an ceanglas reatha faoi hait 10(b), (c) agus (d) chun líon teoranta doiciméad sonraithe ar díol spéise poiblí iad a chur ar fáil go dátheangach (i.e. tuarascálacha bliantúla, cuntas bhliantúla agus ráitis straitéise).</p> <p>Táimid buartha, áfach, nach mbeidh aon doiciméad ina leagtar amach tográí beartais phoiblí aistríthe amach anseo mar go bhfuil sé ag brath ar thuairim an Aire reatha. B'fhéarr an cinneadh a fhágáil faoin gCoimisinéir Teanga atá neamhspleách ar an bpoltíocht.</p> <p>Dar ndóigh, ní fiú daoine a spreagadh agus a oiliúint le Gaeilge a úsáid mura mbíonn cáipéisí, srl.. ann dóibh sa todhchaí le húsáid.</p> <p><b>Moltaí ábhartha breise:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Ba chóir gach foirm chlóite nó leictreonach a mbainfeadh an pobal úsáid as a chur leis an liosta ag alt 10 (e)</li> <li>Ba chóir suíomhanna gréasáin a chur leis an liosta ag alt 10 (f)</li> <li>Ba chóir na meáin shóisialta a chur leis an liosta ag alt 10 (g)</li> <li>Ba chóir rialacháin a chur le hait 10 go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla in aon cháipéis nó foirm dhátheangach taobh le taobh leis an teanga eile faoi aon chlúdach amháin (réiteodh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfadhb sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a lónadh as Gaeilge más mian leo)</li> <li>Ba chóir go mbeadh gach cáipéis chorparáideach curtha ar fáil go leictreonach amháin (d'fhéadfadh na comhlachtaí poiblí nó na leabharlanna cóipeanna aonaracha de na cáipéisí a chur i gcló ar ghnáthinnéall fótachóipeála d'aon duine gan teacht ar riomhaire. Shábhálfadh a leithéid de mholadh na milliún Euro ar an Stát gach</li> </ul> |

|                                                       |                                                                                                                                                                                                       |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
|-------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
|                                                       |                                                                                                                                                                                                       |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | blaín mar gheall nach mbeadh orthu na mílte cáipéis chorparáideach a chur i gcló <sup>1</sup> )                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
| Ceannteideal 5<br>Leasú ar alt 11<br>den Phríomh-Acht | Maidir le halt 11 den Acht a leasú chun a chumasú don Aire Ealaion, Oidhreachta agus Gaeltachta fógra chuig comhlacht poiblí a tharraingt siar is fógra lena gceanglaitear air scéim teanga a ullmhú. | Tá gá leis an leasú teicniúil seo ós rud é nach bhfuil aon fhoráil san Acht faoi láthair lena gceadaitear fógra den sórt sin a tharraingt siar. Cé go bhféadfad sé nach n-úsáidfear go minic í, d'fhéadfadh an chumhacht chun fógra a tharraingt siar a bheith ag teastáil in imthosca áirithe i gcás athrú a bheith tagtha ar fheidhmeanna comhlachtaí poiblí.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | Níl aon mholadh againn don leasú seo.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |
| Ceannteideal 6<br>Leasú ar alt 13<br>den Phríomh-Acht | Maidir le fo-alt nua a áireamh in alt 13(2) lena gceanglaitear go ndéantar na poist laistigh den chomhlacht poiblí ina bhfuil gá le hinniúlacht sa Ghaeilge a shonrú i ngach scéim teanga.            | Tagann an leasú seo le breith an Rialtais an 30 Deireadh Fómhair 2013 an beartas a bhíodh ann marcanna bónais a bhronnadh as inniúlacht sa Ghaeilge i gcomórtas earcaíochta agus ardaithe céime sa státseirbhís a chúlghair agus córas bunaithe ar inniúlachtaí a chur ina ionad faoina mbeidh inniúlacht sa Ghaeilge ina ceanglas le haghaidh poist shonraithe. I dteannta an cheanglais go ndéanfar, i bpleannaná fórsa saothair Ranna agus Oifigí Rialtais amach anseo, poist/réimsí oibre a shonrú ina bhfuil gá le daoine atá in ann feidhmiú sa dá theanga, beartaítear go mbeidh foráil den tsamhail sin i scéimeanna teanga amach anseo.                                                                                                                                                                                                                         | Moltar go leasófar an reachtaíocht sa chaoi is go mbeidh oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí ar a laghad 30% d'fhostaithe nua sa státseirbhís fostaithe don chéad 10 mbliana eile a bheidh in ann cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal trí Ghaeilge i scribhinn nó le post leictreonach (dá ndéanfaí an beart seo bheadh ciorrú ar an gcaiteachas ar sheirbhísí aistriúcháin chomh maith).                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 |
| Ceannteideal 7<br>Leasú ar alt 14<br>den Phríomh-Acht | Maidir leis an tréimhse ar lena linn a fhanfaidh scéim teanga i bhfeidhm a mhéadú ó 3 bliana go dtí 7 mbliana.                                                                                        | <p>Leis an togra seo, maolófar go mór an t-ualach riarrachán a bhainneann le scéimeanna teanga a dhréachtú, a chomhaontú agus a dhaingníú. Ina theannta sin, tabharfar deis do chomhlachtaí poiblí leis an togra seo a gcuid tosaíochtaí a shainaihint agus a eagrú chun go mbeifear ag cur feabhas de réir a chéile ar sheirbhísí trí Ghaeilge ar mhodh a bheidh níos straitéisí. Tá formáid nua sholáimhsithe chun scéimeanna teanga a ullmhú á tabhairt isteach chun a fhoráil seo a chomhlánú.</p> <p>Leanfaidh Ofig an Chomisinéara Teanga d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh gealltanás scéimeanna teanga ag comhlachtaí poiblí.</p> <p>Leanfaidh na scéimeanna teanga go léir atá ann cheana de bheith i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana nó go dtí cibé tráth a dhéanfar scéimeanna nua a chuirfear ina n-ionad a chomhaontú, cibé acu is déanaí.</p> | <p><b>Níor chóir dul ar aghaidh leis an leasú seo in aon chor. Níor chóir aon síneadh ama a thabhairt.</b></p> <p>Ó thosaigh córas na scéimeanna, tá siad lag agus an rud a chuir an Rialtas in iúl i gcónaí ná go n-éireoidís níos láidre gach trí bliana. Moltar sa cheannteideal seo go síni an tréimhse go 7 mbliana, rud a ligfeadh do na ranna Rialtais éagsúla a ndualgas a sheachaint.</p> <p><b>Moltai ábhartha breise:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Ba chóir go mbeidh sé mar fhoráil nua san Acht go mbeidh faoi dheireadh 2016 gach seirbhís ar fáil do phobal na Gaeltachta trí Ghaeilge agus na seirbhísí sin a bheith ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Bhéarla in áiteanna eile</li> <li>Mar chuid de rialacháin nua san Acht ba cheart go mbeidh dualgas ar an bhfoireann a bhainfidh tairbhe as oiliúint sa Ghaeilge seirbhísí i nGaeilge a thairiscint don phobal</li> <li>Ba cheart go ndéanfaí foráil do chóras chun go mbeadh teastais aitheanta ar fáil a léireodh go cruinn cumas na mball foirne seirbhísí a sholáthar i dteangacha oifigiúla an Stáit</li> </ul> |
| Ceannteideal 8<br>Leasú ar alt 15<br>den Phríomh-Acht | <ul style="list-style-type: none"> <li>Maidir le halt 15 den Acht a leasú chun a chumasú don Aire Ealaion, Oidhreachta agus Gaeltachta fógra chuig comhlacht poiblí a</li> </ul>                      | Tá gá leis an gcéad leasú, ar leasú de chineál teicniúil é, ós rud é nach bhfuil an chumhacht ag an Aire faoi láthair fógra den sórt sin a tharraingt siar agus is leasú é a dhéantar de dhroim an leasaithe                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             | <p>Nil aon ghá leis an tríú leasú mar níor chóir tréimhse na scéimeanna a shíneadh go 7 mbliana.</p>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |

<sup>1</sup> Dar ndóigh, tá argóint láidir ann nach léann mórán daoine na cáipéisí curtha i gcló i nGaeilge ní i mBéarla, agus dóibh siúd a léann go bhfuil sé i bhfad níos éasca teacht ar eolas i leagan leictreonach d'aon cháipéis mar gur féidir le duine cuardach a dhéanamh le haghaidh focail nó téarma go gasta

|                                                                                  |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
|----------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
|                                                                                  | <p>tharraingt siar is fógra lena gceanglaítear air athbhreithniú a dhéanamh ar scéim teanga.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Maidir le halt 15(1) den Acht a leasú chun go bhféadfadh tosaíocht a bheith ag scéim nua ar scéim láithreach i gcás go gceadaítear í roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana ón dáta a cheadaigh an tAire an scéim láithreach.</li> <li>Maidir le leasú breise ar alt 15(1) chun a cheadú don Aire fógra a eisiúint chuig comhlacht poiblí ina n-iarrtar go ndéanfar athbhreithniú ar an scéim 12 mhí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana ón dáta a cheadaigh an tAire an scéim láithreach.</li> </ul> | <p>bheartaithe i gCeannteideal 5. Cé go bhféadfadh sé nach n-úsáidfear go minic í, d'fhéadfadh an chumhacht chun fógra a tharraingt siar a bheith ag teastáil in imthosca áirithe i gcás atrú a bheith tagtha ar feidhmeanna comhlachtaí poiblí.</p> <p>Tá gá leis an dara leasú chun a chinntí, i gcás go ndéanfaidh an tAire scéim nua a chomhaontú sula mbeidh deireadh leis an tréimhse a bhaineann le scéim láithreach, go mbeidh tosaíocht ag an scéim nua ar an scéim láithreach.</p> <p>Tá gá leis an tríú leasú chun nach mbeidh ann d'aon athbhrí a bhainfeadh le baillíocht scéimeanna láithreacha thar an lín blianta (7 mbliana atá beartaithe) dár dhaingnigh an tAire iad.</p>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | <p><b>Ba chóir an foclaíocht a láidriú sa dara leasú chun nach mbeidh aon lagú déanta ar aon scéim trí scéim nua a chur ina áit, i.</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li><i>Maidir le halt 15(1) den Acht a leasú chun go bhféadfadh tosaíocht a bheith ag scéim nua ar scéim láithreach i gcás go gceadaítear í roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana ón dáta a cheadaigh an tAire an scéim láithreach. Ní chuirfear scéim nios laige in áit scéim reatha nó scéim imithe as feidhm.</i></li> </ul>                                                                                                                                                          |
| <b>Ceannteideal 9</b><br>Alt Nua:<br>Ainmneacha agus<br>seoltaí poist<br>Gaeilge | Maidir le daoine d'úsáid leagan Gaeilge nó leagan Béarla a n-ainmneacha agus a seoltaí poist, cibé acu is mian leo, ina gcomhfhareagras le comhlachtaí poiblí.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 | <p>Is é an cuspóir atá leis an gCeannteideal seo a cheadú do dhaoine leaganacha Gaeilge nó Béarla a n-ainmneacha agus a seoltaí a úsáid le linn dóibh cumarsáid a dhéanamh le comhlachtaí poiblí. Is é an prionsabal bunúsach atá leis nár cheart go ndéileálfadh comhlachtaí poiblí le daoine ar mian leo leaganacha Gaeilge a n-ainmneacha a úsáid le níos lú fabhair ná mar a dhéileálfai le daoine ar mian leo na leaganacha Béarla a úsáid.</p> <p>Leis an togra seo, tabharfar aghaidh ar na deacrachtaí is féidir a bheith ag daoine a bhfuil a n-ainmneacha i nGaeilge le linn dóibh a gcuid sonraí pearsanta a chur isteach i gcórais teicneolaíochta faisnéise (TF) a úsáideann comhlachtaí poiblí. I measc na ndeacrachtaí sin, d'fhéadfadh, mar shampla, an síneadh fada a bheith fágtha ar lár nó gan a bheith ina charachтар aitheanta i gcórais TF.</p> <p>D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí praiticiúla ann i réimsí ar nós TF agus córais ghnó eile a úsáidtear san earnáil phoiblí mar gheall ar an bhforáil seo a áireamh agus, dá bhí sin, seans go dteastóidh tréimhse réamhullmhúcháin sula gcuirfear i bhfeidhm i d'fhoinsí a chumasú do chomhlachtaí poiblí a gcorais a choigeartú. De thoradh air sin, tá sé beartaithe a chumasú don Aire an fhoráil seo a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe ar dháta nór ar dhátaí a horordófar le rialachán. Is é aidhm don chur chuige seo a cheadú don Aire cur leis an liosta comhlachtaí lena mbaineann an fhoráil seo de réir mar a choigeartaítear a gcórais ghnó chun freastal di. Ar leibhéal praiticiúl, déanfar an ceanglas nua seo faoin Acht a chur in iúl do chomhlachtaí poiblí ar bhonn riarracháin agus iarrfar orthu scála ama a chur ar fáil ar laistigh de a chomhaontaíonn siad na coigeartaítear cuí a dhéanamh ar a gcórais.</p> | <p>Tá an moladh seo rólag. Caithfear teorainn ama a chur sa reachtaíocht, i. go mbeidh ar gach córas san earnáil phoiblí réidh d'úsáid ainmneacha agus seoltaí i nGaeilge taobh istigh de 3 bliana agus go ndéanfar socru sealadach le haon saoránach ag iarráidh a ainm nó a sheoladh a úsáid as Gaeilge idir an dá linn.</p> <p><b>Moltaí ábhartha breise:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Tá deis iontach anois leis an córas gcódphoist nua, Eircode, gur féidir dualgas a leagan ar gach comhlacht priobháideach agus poiblí an rogha a chur ar fáil do gach saoránach an leagan Gaeilge nó Béarla dá seoladh a úsáid más mian leis/léi.</li> </ul> |
| <b>Ceannteideal 10</b><br>Leasú ar alt 30<br>den Phríomh-Acht                    | Maidir le halt 30(1) a leasú chun an coinníoll sé mhí maidir le tuarascáil bhliantúil an Choimisiún Teangeolaíochta a bhaint, agus chun coinníoll a áireamh go dtabharfar an tuarascáil dá dtagraítear an tráth céanna a bheidh na cuntasí dá dtagraítear i mír 8(2) den Dara Sceideal á gcur faoi bhráid an Aire.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             | <p>Faoi láthair, foilsíonn an Coimisiún Teangeolaíochta a thuarascáil bhliantúil ag túis gach bliana agus foilsítear na cuntasí bhliantúla níos déanaí sa bhliain, tar éis d'Oifig an Ard-Reachtaire.</p> <p>Cuntas agus Ciste a n-iniúchadh a chur i gcríoch. Is é is toradh air sin go mbíonn dhá aighneacht ar leith á gcur faoi bhráid an Rialtais sula leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad.</p>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         | Níl aon mholadh againn don leasú seo go fóill.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          |

|                                                                                      |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
|--------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
|                                                                                      |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  | <ul style="list-style-type: none"> <li>Leis an gCeannteideal seo, laghdófar líon na n-aighneachtaí a bhaineann le tuarascáil bhliantúil agus cuntas bhliantúla an Choimisiúna Teanga agus a chuirtear faoi bhráid an Rialtais in aghaidh na bliana.</li> </ul>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
| <b>Ceannteideal 11</b><br>Leasú ar alt 31<br>den Phríomh-Acht                        | Maidir leis an tagairt don Choimisiún Logainmneacha a scríosadh.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 | Tá an leasú seo ag teastáil ag féachaint do bhreith an Rialtais deireadh a chur leis an gCoimisiún Logainmneacha i mí Dheireadh Fómhair 2012, mar chuid dá Phlean um Athchóiriú na Seirbhise Poiblí. Tá coiste saineolach a cheap an tAire ar bhonn riarrachán curtha in áit an Choimisiúna Logainmneacha.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | <b>Níl aon moladh againn don leasú seo go fóill.</b>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |
| <b>Ceannteideal 12</b><br>Leasú ar alt 32<br>den Phríomh-Acht                        | Maidir leis an Aire do dhul i gcomhairle le cibé daoine a mheasann an tAire is cuí sula bhfeidhmíonn an tAire na feidhmeanna dá dtagraitear i bhfo-ailt 32(1)(a) agus 32(1)(b).                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  | Is de dhroim an leasaithe roimhe seo i gCeannteideal 11 a dhéantar an leasú seo. Déantar foráil leis maidir le próiseas comhairliúcháin roimh don Aire Ordú Logainmneacha a dhéanamh, a leasú nó a chúlgairm.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         | <b>Níl aon moladh againn don leasú seo go fóill.</b>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |
| <b>Ceannteideal 13</b><br>Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht | <ul style="list-style-type: none"> <li>Maidir leis an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht a scríosadh agus foráil chineálach mar a leagtar amach anseo thíos a chur ina ionad, ionas nach gá an Sceideal a thabhairt cothrom le déta go tréimhsíúil de réir mar a thagann athrú ar stádas comhlacthaí poiblí.</li> <li>Maidir leis an tagairt do "Comhlacht Forfheidhmithe arna bhunú faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999" a leasú chun áireamh na gcomhlacthaí sin san Acht a theorannú dá gcuid gníomhaíochtaí a mhéid a bhaineann siad le Stát na hÉireann.</li> </ul> | <p>Sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht, liostaítear breis is 600 comhlacht poiblí a chumhdaítear leis an Acht. Ní foláir Rialachán a dhéanamh chun an Sceideal seo a thabhairt cothrom le déta nuair a thagann athrú ar stádas comhlacthaí poiblí. Is am-íditheach agus neamhfeachtúil an modh é chun a chinntíú go dtagann gach comhlacht poiblí faoi réim an Acharta. Tá leasú beartaithe chun foráil chineálach atá i gcomhréir le forálacha dá samhail i reachtaoche eile a chur in ionad an Sceidleil. D'fhágfaidh an méid sin, faoi réir comhairliúchán le hAiri eile, de réir mar is cuí, agus aon eisiamh a eascróidh as an méid sin, go dtiocfad gach comhlacht poiblí faoi réim an Acharta go huathoibríoch.</p> <p>Breithníodh an cheist i dtaobh ar cheart go leanfaí de Chomhlacthaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas a áireamh sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht. Tar éis ról agus feidhmeanna na gComhlacthaí Forfheidhmithe ar feadh an dá dhílse a bhrefhinniú, meastar nach cuí na comhlacthaí sin a áireamh san Acht ach amháin i dtaca leis na gníomhaíochtaí dá gcuid a bhaineann le Stát na hÉireann. Beidh comhairliúchán ann leis an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas maidir leis an gceist seo in am tráthá.</p> | <p><b>Aontaíonn muid leis an moladh seo.</b></p> <p><b>Moladh ábhartha breise:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Sa chás go gceapann nó go n-údaraíonn comhlacht poiblí cuideachta phríobháideach nó gníomhaireacht de chineál ar bith eile le feidhmiú thar a cheann agus é ag déileáil leis an bpobal ba chóir go mbeadh na dualgais chéanna acu is atá ag an gcomhlacht poiblí le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge don fheidhm a cheapfar iad a chur i gcrích ar son an chomhlactha phoiblí, m.sh Dublin Bikes</li> <li>Ba chóir go dtiocfad aon comhlacht gur leis an stát é ina iomlán nó cuid de (bainc, comhlacthaí leath-stáit, srl. san áireamh) nó aon comhlacht a fhagheann ceadúnas ón stát le gníomhú sa tír (ní chosnóidh seo airgead ar an Stát) faoin Acht</li> </ul> |

## Moltaí Eile don Bhille

### Go ginearálta:

- Ba chóir go mbeadh ainm gach comhlacht poiblí nua atá le teacht ar an bhfód as Gaeilge agus úsáidte go poiblí as Gaeilge. Chuirfeadh seo go mór le stádas na Gaeilge gan aon chostas sa bheiris, mar shampla bhí sé de cheart an teideal “Uisce Éireann” a úsáid seachas “Irish Water”.
- Ba chóir ról monatóireachta a thabhairt d’Ofig an Choimisiúna Teanga ar chur i bhfeidhm an *Straitéis 20 Bliaín don Ghaeilge 2010-2030*
- Tá lógó comhlachta lárnach d’iomhá an chomhlachta sin. Ba cheart deireadh a chur le heisceacht a dhéanamh de lógónna comhlachtaí poiblí sna rialacháin agus féachaint chuige go mbeidh an Ghaeilge chomh feiceáilach ar gach lógó nua comhlachta poiblí feasta.
- Maidir le híomhá na tíre seo mar thír dhátheangach thar sáile, ba cheart deireadh a chur le heisceacht a dhéanamh d’fheidhmiú comhlachtaí poiblí thar lear: na hambasáidí, Coláiste na nGael sa Lóbháin, srl.
- Ba chóir go mbeadh rialachán ann maidir le fógraíocht, m.sh. ba chóir go mbeadh 20% den fhógraíocht déanta ag comhlachtaí poiblí sna meáin déanta sna meáin Ghaeilge
- Ba chóir foráil a chur isteach go mbeidh ar chomhlachtaí lipéid ar earrá díolta in Éirinn a bheith i mBéarla agus i nGaeilge, ar nós na foláirimh sláinte ar phacáistí tobac. Ní chosnódh seo airgead ar an stát.

### San Oireachtas:

- Ba chóir go mbeidh foráil ann ag leagan dualgais ar an Rialtas billí a fhoilsíú go dátheangach. Ba chóir atheagar a chur ar na rannóga aistriúcháin chun an bhforáil seo a fheidhmiú.
- Ó tharla go bhfuil formhór na reachtaíochta ar fáil sna rialacháin a dhéantar de bhun Achtanna, ba chóir an reacthaíocht tanaisteach a fhoilsíú go dátheangach feasta.

### Sna Cúirteanna:

Ba chóir rialachán faoi leith a chur le chéile do na cúirteanna ag cuimsiú na moltaí seo a leanas:

- Ba chóir cúisí a ionchúiseamh sa teanga oifigiúil a roghnaíonn sé/sí, faoi mar a tharlaíonn i gCeanada. Shábhálfadh sé seo costais ateangaireachta.
- Ba chóir go mbeadh breitheamh i gcás a réachtáiltear as Gaeilge nó go dátheangach (Gaeilge/Béarla) in ann Gaeilge a thuiscent agus an cás a éisteacht inti gan chabbair ó ateangaire. Shábhálfadh sé seo costais ateangaireachta agus chinnteodh sé triail chothrom.
- Ba chóir do bhreitheamh plé le páirtithe i gcúis sa teanga oifigiúil a roghnaíonn siad faoi seach.
- Ba chóir breithiúnas a thabhairt sa teanga oifigiúil nó sna teangacha oifigiúla a réachtáil ann na páirtithe a dtaoibh sin den chás trí na meáin.
- I gcás ina mbeidh Gaeilge in úsáid ag páirtí nó ag finné, ba choir an breitheamh agus an giúré (más ann) a bheith in ann Gaeilge a thuiscent agus an cás a éisteacht inti gan chabbair ó ateangaire. Shábhálfadh sé seo costais ateangaireachta agus chinnteodh sé triail chothrom.
- Ba chóir an Ghaeilge a bheith mar theanga oibre ag gach cúirt sa Ghaeltacht ach cead ag baill den phobal láithriú iontu as Béarla más mian leo nó, mura bhfuil Gaeilge ná Béarla acu, i dteanga eile trí ateangaire. Tá dualgas mar seo i bhfeidhm cheana le halt 135(8)(b) den Acht Pleanála 2000 mar a leanas maidir le héisteacht poiblí ó bhéal de chuid an Bhord Pleanála.
- I gcás dúiche nó cúaird a bhfuil limistéar Gaeltachta ann, reáchtáltar suí amháin den Chúirt Dúiche agus suí amháin den Chúirt Chuarda sa limistéar sin ar a laghad in aghaidh na bliana. Reáchtálar suí amháin den Chúirt Dúiche agus suí amháin den Chúirt Chuarda ar a laghad in aghaidh na téarma dlí i nGaeltacht Dhún na nGall, i nGaeltacht Chonamara agus i nGaeltacht Chorca Dhuibhne.